# A1 Topaic 11

## 04 Tuairimí a chur in iúl
## Cuid a hAon

## Labhairt

2

## 04 Tuairimí a chur in iúl

**Le múineadh:**
- Eolas a lorg agus a thabhairt faoi dhath, tuairimí a chur in iúl, tuairimí a lorg is a thabhairt, agus aidiachtaí san uatha agus san iolra.

3

## Siopaí éagsúla

- siopa éadaí
- siopa bróg
- siopa spóirt
- siopa hataí
- cúntóir siopa

4

©GaeilgegoDeo2024

**Bileog**

**Tuairimí a chur in iúl**

**Na cineálacha siopaí**

5

## Na cineálacha siopaí - A

- Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla chuí ar dheis.

6

## Na cineálacha siopaí

| | |
|---|---|
| 1. siopa éadaí | **a.** a hat shop |
| 2. siopa hata | **b.** a shoe shop |
| 3. siopa spóirt | **c.** a shop assistant |
| 4. siopa bróg | **d.** a sport shop |
| 5. cúntóir siopa | **e.** a clothes shop |

7

©GaeilgegoDeo2024

## Na cineálacha siopaí - Freagraí

1. siopa éadaí — **e. a clothes shop**
2. siopa hata — **a. a hat shop**
3. siopa spóirt — **d. a sport shop**
4. siopa bróg — **b. a shoe shop**
5. cúntóir siopa — **c. a shop assistant**

8

## Na cineálacha siopaí

- Anois, cuir an foclóir nua in abairtí,
- Mar shampla:
- *Ceannaítear geansaí i siopa éadaí.*
- *Ceannaítear bróga i siopa bróg.*
- *Is cúntóir siopa í mo dheirfiúr.*

9

## Na cineálacha siopaí - B

- Tá ceithre abairt sa cheist seo.
- Tá liosta d'earraí ann freisin.
- Léigh na habairtí amach os ard.
- Léigh liosta na bhfocal.
- Beidh ort na bearnaí a líonadh le focail óna liosta d'earraí atá ar do bhileog.

10

©GaeilgegoDeo2024

## Na cineálacha siopaí - B

- Tá ceithre abairt sa cheist seo.
- Léifidh Duine A a abairtí amach
- Beidh ar Dhuine B na hearraí óna liosta a chur in oiriúint do na bearnaí atá in abairtí Duine A.
- Scríobhfaidh Duine A na freagraí cearta síos.
- Ansin, léifidh Duine B a abairtí amach
- Beidh ar Dhuine A na bearnaí a líonadh le focail óna liosta féin d'earraí atá ar a bhileog.
- Scríobhfaidh Duine B na freagraí cearta síos.

11

## Na cineálacha siopaí - B

- Ceannaítear caife i siopa caife.
- Ceannaítear bainne i siopa grósaeireachta.
- Ceannaítear leabhar i siopa leabhar.
- Ceannaítear leigheas i siopa poitigéara.

12

## Na cineálacha siopaí - B

- **Léigh amach na habairtí seo a leanas os ard do do pháirtnéir. Líon na bearnaí leis na focail a léann sé amach.**

- Ceannaítear__________________________ i siopa bróg.
- Ceannaítear__________________________ i siopa hata.
- Ceannaítear__________________________ i siopa spóirt.
- Ceannaítear__________________________ i siopa éadaí.

13

©GaeilgegoDeo2024

## Na cineálacha siopaí - B

- Anois, léifidh do pháirtnéir abairtí amach duit féin agus beidh ortsa na focail chuí ón liosta seo a léamh amach dó gach uair.

- geansaí spóirt — sciorta
- bróga do pháistí — hata ard

14

## Na cineálacha siopaí - B

- Anois, léifidh do pháirtnéir abairtí amach duit féin agus beidh ortsa na focail chuí ón liosta seo a léamh amach dó gach uair.

- Culaith snámha — geansaí
- bróga scoile — caipín

15

## Na cineálacha siopaí – Duine A

- Ceannaítear ___bróga do pháistí___ i siopa bróg.
- Ceannaítear ___hata ard___ i siopa hata.
- Ceannaítear ___geansaí spóirt___ i siopa spóirt.
- Ceannaítear ___sciorta___ i siopa éadaí.

16

©GaeilgegoDeo2024

## Na cineálacha siopaí - Duine B

- Ceannaítear **bróga scoile** i siopa bróg.
- Ceannaítear **caipín** i siopa hata.
- Ceannaítear **culaith snámha** i siopa spóirt.
- Ceannaítear **geansaí** i siopa éadaí.

17

## Na cineálacha siopaí - C

- Tá leath de chomhrá agat thíos.
- Tá an leath eile ag do pháirtnéir.
- Comhrá idir cúntóir siopa agus custaiméir atá ann.
- Ach cad a dúirt cén duine?
- An tusa an cúntóir nó an custaiméir?
- Cuir an comhrá san ord ceart.

18

## Na cineálacha siopaí – Duine A

- Slán go fóill.
- Dia duit agus fáilte romhat go *Éadaí Éabha*. An bhfuil tú ceart go leor?
- Féach air seo.
- Sin €50. Go raibh maith agat.
- An maith leat an bríste seo?

19

©GaeilgegoDeo2024

## Na cineálacha siopaí – Duine B

- Is breá liom é!
- Fáilte romhat. Slán!
- Dia is Muire duit. Ba mhaith liom geansaí agus bríste a cheannach.
- Is maith liom an geansaí ach ní maith liom an bríste.

20

## C - An comhrá

- **Dia duit agus fáilte romhat go *Éadaí Éabha*. An bhfuil tú ceart go leor?**
- **Dia is Muire duit. Ba mhaith liom geansaí agus bríste a cheannach.**
- **Féach ar seo.**
- **Is maith liom an geansaí ach ní maith liom an bríste.**

21

## C - An comhrá

- An maith leat an bríste seo?
- **Is breá liom é!**
- **Sin €50. Go raibh maith agat.**
- **Fáilte romhat. Slán!**
- **Slán go fóill.**


22

©GaeilgegoDeo2024


## Na dathanna

gorm
dubh
donn
oráiste
buí
bán
dearg
glas
bándearg
liath

23





24




25

©GaeilgegoDeo2024

## Dathanna



26

## An Scrúdú Stroop

- Tiocfaidh ainmneacha dathanna ar an scáileán scríofa i ndathanna difriúla.
- Beidh ort dath na scríbhneoireachta a rá in áit an fhocail atá scríofa a rá, mar shampla:
- má thagann ***dearg*** ar an scáileán déarfaidh siad *glas*.

27

## An Scrúdú Stroop

- Ba é John Ridley Stroop a chruthaigh an scrúdú seo sa bhliain 1935 chun féachaint ar an luas ina bpróiseálann an inchinn eolas.
- Is minic a bhíonn daoine a tógadh go dátheangach níos fearr ag an Scrúdú Stroop.

28

©GaeilgegoDeo2024

**An Scrúdú Stroop**

dearg

buí

gorm

29

**An Scrúdú Stroop**

bándearg

glas

gorm

30

**An Scrúdú Stroop**

donn

dubh

bán

31

## An Scrúdú Stroop

oráiste

buí

dearg

32

## Cén dath atá ar . . ?

- *Cén dath atá ar do gheansaí?*
- *Cén dath atá ar do sciorta?*
- *Cén dath atá ar do ghúna?*
- *Cén dath atá ar do léine?*
- *Cén dath atá ar do bhríste?*
- *Cén dath atá ar do bhróga?*


33

## Aidiachtaí

- mór
- beag
- fada
- gearr
- deas
- álainn/galánta
- maith
- ard
- íseal

34

©GaeilgegoDeo2024




35




36

## Aidiachtaí

Samplaí:

- bróga arda
- bróga ísle,
- cóta gearr/fada,
- geansaí mór
- sciorta gearr/fada,
- blús deas
- culaith álainn

37

## Aidiachtaí



geansaí beag



bróga arda





geansaí mór

bróga ísle

38

## Aidiachtaí



sciorta gearr







gúna deas

sciorta fada

culaith álainn

39

## Firinscneach agus baininscneach

- Cuimhnigh go bhfuil ainmfhocail bhaininscneacha agus fhirinscneacha sa Ghaeilge.
- An gcuimhin leat faoi ainmfhocail fhirinscneacha ó **Thopaic 9 Bia agus Deochanna** nó ó **Thopaic 7 Scileanna agus buanna**?
- An féidir leat liosta focal baininscneach a bhaineann le bia/deoch nó teangacha/scileanna a thabhairt dom?

40

©GaeilgegoDeo2024

## Firinscneach agus baininscneach

- Cuimhnigh go gcaithfidh an aidiacht réiteach leis an ainmfhocal, mar a clúdaíodh i d**Topaic 7 Scileanna agus buanna,**
- mar shampla: *Fraincis mhaith***.**

41

## Firinscneach agus baininscneach

**Firinscneach** **Baininscneach**

42

©GaeilgegoDeo2024